AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.9.2016
COM(2016) 589 final

2016/0287 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014 maidir le nascacht idirlín a chur chun cinn i bpobail áitiúla**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Cúiseanna agus cuspóirí an togra

Sa phacáiste nua teileachumarsáide a ghlac an Coimisiún inniu tá Teachtaireacht ón gCoimisiún ina leagtar amach fís Eorpach maidir le nascacht idirlín do shaoránaigh agus do lucht gnó sa Mhargadh Aonair Digiteach[1]. Ina theannta sin, tá togra reachtach ann le haghaidh Cód Eorpach maidir le Cumarsáid Leictreonach[2] lena ndéantar an creat rialála maidir le cumarsáid leictreonach a athbhreithniú. Sna tograí ón gCoimisiún, leagtar amach na hathchóirithe is gá chun a áirithiú go mbeidh fáil ar líonraí an-ardtoillte agus go mbainfear úsáid astu chun go mbeidh an pobal i gcoitinne ábalta teacht ar tháirgí, ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir sa Mhargadh Aonair Digiteach.

I ngeall ar an athrú ó bhonn atá tagtha ar shaol príobháideach an duine agus ar chleachtais oibre laistigh den Aontas agus lasmuigh de, a bhuí sin leis an idirlíon agus le nascacht dhigiteach, is gá a áirithiú go spreagtar an pobal i gcoitinne chun na deiseanna atá ar fáil dóibh, dá bharr, a thapú.

Ar an ábhar sin, ceann de na haidhmeanna straitéiseacha atá ag an gCoimisiún don Aontas, ceann is gá a bhaint amach faoi 2025, go mbeidh naisc idirlín ghigighiotán ag na hionaid ina gcuirtear seirbhísí poiblí ar fáil, amhail riaracháin phoiblí, leabharlanna agus ospidéil. Maidir leis na hionaid sin agus ionaid eile ina dtagann an pobal le chéile, lena n-áirítear ionaid amuigh faoin aer ar a bhfuil rochtain ag an bpobal i gcoitinne, má nasctar iad ag luasanna atá go mór os cionn rochtain idirlín fheidhmiúil, cuirfear ar chumas gach saoránaigh, de gach aicme, leas a bhaint as nascacht a bheidh ann amach anseo agus iad i mbun taistil, in áiteanna ar den riachtanas é a bheith nasctha.

Ar na bearta atá ceaptha chun tacú leis an aidhm sin a bhaint amach, tá pacáiste nua arb é is aidhm dó lárphointí rochtana áitiúla gan sreang a imlonnú trí bhíthin nósanna imeachta pleanála simplithe agus oibleagáidí rialála éadroma, *inter alia* nuair a sholáthraítear rochtain den sórt sin ar bhonn neamhthráchtála nó atá coimhdeach le soláthar seirbhísí poiblí eile.

Comhlánaíonn an beart seo an obair thuasluaite trí bhíthin leasuithe ar an gcreat dlíthiúil le haghaidh teileachumarsáid sa tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, mar atá i Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013[3] (an "Rialachán SCE" anseo feasta) agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014[4] (an "Rialachán Treoirlínte" anseo feasta). Spreagann na leasuithe sin eintitis a bhfuil misean poiblí acu, amhail údaráis áitiúla agus soláthraithe seirbhísí poiblí, nascacht idirlín áitiúil gan sreang saor in aisce a thairiscint in ionaid a thaithíonn an pobal (e.g riaracháin phoiblí, leabharlanna, ionaid sláinte agus ionaid phoiblí amuigh faoin aer). Chuige sin tá foráil déanta maidir le dreasachtaí airgid do na heintitis sin ar mian leo nascacht idirlín áitiúil ardtoillte gan

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Nascacht le haghaidh Margadh Aonair Digiteach Iomaíoch: I dtreo Sochaí Eorpach Ghigighiotán (COM(2016)587).

[2] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Cód Eorpach maidir le Cumarsáid Leictreonach (Athmhúnlú), (COM(2016)590).

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 67/2010, IO L 348, 20.12.2013, lch. 129, arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015, IO L 169, 1.7.2015, lch. 1.

[4] Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir le treoirlínte le haghaidh gréasán tras-Eorpach i réimse an bhonneagair teileachumarsáide agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1336/97/CE, IO L 86, 21.3.2014, lch 14.

sreang saor in aisce a sholáthar in áiteanna poiblí laistigh dá ndlínse nó sna háiteanna sin ina soláthraíonn siad seirbhísí. Maidir leis an maoiniú, tabharfar tús áite d'údaráis phoiblí áitiúla le cur ar a gcumas lárphointí rochtana a shuiteáil in ionaid a thaithíonn an pobal, lena n-áirítear ionaid amuigh faoin aer ar a bhfuil rochtain ag an bpobal i gcoitinne, sa chéad chéim den idirghabháil.

Má dhéantar an nascacht idirlín a chomhtháthú le seirbhísí poiblí atá ann cheana, spreagfar saoránaigh chun spéis a chur i seirbhísí ardtoillte idirlín agus, dá bharr sin bainfear níos mó úsáide as seirbhísí leathanbhanda agus tiocfaidh forbairt ar an mbonneagar poiblí. Féadfaidh nascacht idirlín áitiúil gan sreang saor in aisce, ar a bhfuil rochtain in áiteanna gnóthacha ina mbailíonn daoine le chéile agus iad i mbun a ngnó laethúil, féadfaidh sé cur go mór leis an gcaoi a gcaitheann daoine a gcuid ama nuair a bhíonn siad díomhaoin nó ag taisteal agus tabharfar deis dóibh an t-am sin a úsáid chun obair a dhéanamh, a suaimhneas a ghlacadh nó tabhairt faoi fhoghlaim. Ina theannta sin, féadfaidh lárphointí rochtana áitiúla gan sreang den sórt sin gráinneacht an chlúdaigh a fheabhsú in áiteanna iargúlta nó in áiteanna ina gcuirfeadh an líon ollmhór úsáideoirí isteach go mór ar an tseirbhís nascachta gan sreang. A bhuí leis na lárphointí rochtana sin, tabharfar caoi d'úsáideoirí a bheith nasctha agus iad amuigh; chomh maith leis sin, cuirfear chun cinn an tsoghluaiseacht agus an tsolúbthacht agus spreagfar daoine chun spéis a chur sna seirbhísí atá á gcur ar fáil ag eintitis a bhfuil misean poiblí acu, agus féadfaidh daoine níos mó smachta a bheith acu ar a gcuid ama féin. Ag an am céanna, de bharr nach mbeidh ach clúdach teoranta ag ceann ar bith de na lárphointí rochtana, déantar deimhin de nach rachadh an tairiscint phoiblí seo in iomaíocht le tairiscintí tráchtála, ach d'fhéadfadh sí cur go mór leis an gcaoi a spreagfar daoine chun leathanbhanda a úsáid agus chun an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn. Tabharfaidh sé seo spreagadh d'úsáideoirí glacadh le tairiscintí leathanbhanda, bídís sna margaí tráchtála, cónaithe nó móibíleacha. Comhlánaíonn an idirghabháil atá beartaithe an coincheap nua reachtach maidir le seirbhís uilechoiteann atá leagtha amach sa togra le haghaidh Cód Eorpach maidir le Cumarsáid Leictreonach, arb é atá ann go bhfuil sé de cheart ag gach saoránach rochtain a bheith aige ar an idirlíon: an ceart ag daoine rochtain a bheith acu ar nasc feidhmiúil idirlín, in ionad seasta ar a laghad, ar phraghas réasúnta agus a thugann caoi dóibh páirt iomlán a ghlacadh sa gheilleagar digiteach agus sa tsochaí dhigiteach.

Foráiltear leis an togra atá beartaithe do shásra maoiniúcháin le haghaidh lárphointí rochtana áitiúla gan sreang a shuiteáil. Tá an idirghabháil ceaptha chun an tionchar gearrthéarmach is mó a bhaint amach trí spéis na saoránach a chothú i seirbhísí rochtana ar an idirlíon agus tríd an úsáid a bhaintear as seirbhísí digiteacha poiblí a éascú, rochtain ar bhonneagar seirbhísí digiteacha san áireamh. Meastar go mbeidh an spéis a chothófar sa togra mar bhunús leis na lárphointí rochtana a oibriú go leanúnach agus cinn nua a chur ina n-áit, más gá, gan tuilleadh cúnaimh airgeadais a bheith ar fáil faoi na rialacháin, rud atá ag teacht leis gcuspóir deireadh a chur de réir a chéile le cúnamh airgeadais den sórt sin, más féidir, agus úsáid sásraí maoiniúcháin eile a spreagadh.

Chun a chinntiú go ndéanfar an idirghabháil ar bhealach spriocdhírithe agus go mbainfidh an pobal an leas is mó is féidir aisti, ní thabharfar maoiniú ach amháin i gcás nach bhfuil lárphointí rochtana saor in aisce ann – bídís poiblí nó príobháideach – a sholáthraíonn seirbhísí leathanbhanda an-ardluais. Ar an ábhar go mbeidh an cúnamh airgeadais a dheonóidh an tAontas do ghníomhaíochtaí aonair faoi bhun na tairsí le haghaidh deontais ar luach íseal de EUR 60 000 dá bhforáiltear sa Rialachán Airgeadais[5], ní mheastar go mbeidh

[5] Arna shainiú in Airteagal 185 de Rialachán (AE) Uimh. 1268/2012 an 29 Deireadh Fómhair 2012 maidir le rialacha cur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an

aon mhórthionchar ag an idirghabháil ar an iomaíocht[6]. Lena chois sin, deonófar an maoiniú go cothrom ó thaobh geografaíochta de, rud a chuireann leis an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach san Aontas trí riachtanais na bpobal áitiúil a chur san áireamh go háirithe[7]. I ngeall ar chur i bhfeidhm comhpháirteach na gcritéar sin, tá an idirghabháil atá beartaithe i gcomhréir le creat na margaí oscailte agus iomaíocha atá mar bhonn taca faoi oibriú na líonraí tras-Eorpacha.

Sa bhreis ar spreagadh a thabhairt don éileamh ar nascacht leathanbhanda ardluais agus an úsáid a bhaintear aisti ar bhonn forleathan a chur chun cinn ar leibhéal an phobail, beidh roinnt tionchar dearfach ann freisin mar thoradh ar an idirghabháil, idir rochtain fheabhsaithe ar ríomhsheirbhísí rialtais agus rannpháirtíocht sa saol daonlathach, lena n-áirítear do ghrúpaí déimeagrafacha a mbeadh deacracht acu, murach sin, rochtain a fháil ar nascacht le bonneagar breise (ina measc dídeanaithe agus grúpaí ísealioncaim) chun go mbeidh teacht acu ar chumarsáid i gcásanna géarchéime agus éigeandála mar aon le fógraí seirbhíse poiblí. Chun a chinntiú gur féidir le pobail áitiúla atá ar bheagán acmhainní tairbhe a bhaint as bheith rannpháirteach sa Mhargadh Aonair Digiteach, ba cheart go mbeadh tacaíocht faoin mbeart seo ar fáil a chumhdódh suas go 100 % de na costais incháilithe, gan dochar do phrionsabal an chómhaoinithe. Daoine a mbeadh na forbairtí digiteacha seo lena leas, d’fhéadfaidís iarraidh ar an bpobal áitiúil a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí cur chun feidhme atá maoinithe faoin togra chun a chinneadh cad iad na hionaid a thaithíonn an pobal ina ndéanfadh suiteáil lárphointí rochtana gan sreang saor in aisce an breisluach is mó a sholáthar don phobal.

De bharr go bhfuil an idirghabháil solúbtha agus spriocdhírithe i gcomparáid leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil do líonraí leathanbhanda faoin gclúdach earnálach teileachumarsáide chun an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a chur chun feidhme, ba cheart í a aithint mar thionscadal leasa choitinn ar leith a bhfuil gníomhaíochtaí comhlachaithe ag gabháil leis faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, agus a bhfuil buiséad tiomnaithe aige ar cheart foráil a dhéanamh do na mionsonraí faoin Rialachán Treoirlínte. I ngeall ar an méid teoranta cúnaimh airgeadais a dheonófar do gach tairbhí, ach an líon mór díobh a bheidh ann, tá sé tábhachtach a áirithiú go ndéanfar nósanna imeachta a chuíchóiriú chun gur féidir cinntí a dhéanamh ar bhealach éifeachtach agus tapa. Chuige sin, ba cheart go mbeadh sé ar chumas na mBallstát, faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, tacú le catagóirí tograí faoin idirghabháil seo, in ionad teacht ar aontú maidir le liostaí tairbhithe aonair. Tríd an leasú seo a chur chun feidhme ar dhóigh chothrománach a dhéanfaidh maitheas do thionscadail eile leasa choitinn, cuirtear san áireamh sa togra na héilimh ó na Ballstáit ar bhealaí níos éifeachtaí chun gníomhaíochtaí a chur chun feidhme sa réimse a bhaineann leis an mbonneagar seirbhísí digiteacha.

Chun a áirithiú gur féidir leis an mbeart freagairt d’éagsúlacht mhór cásanna agus gur féidir torthaí nithiúla a bhaint amach a luaithe agus is féidir, is den riachtanas é gan na cineálacha

Aontais, IO L 362, 31.12.2012, lch. 1, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2462 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2015, OJ L 342, 29.12.2015, lch. 7.

6 Ba cheart a mheas gur cabhair *de minimis* aon chúnamh breise airgeadais ó na Ballstáit, arna shainiú in Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 maidir le hAirteagal 107 agus le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i dtaca le cabhair *de minimis*, IO L 352, 24.12.2013, lch. 1. Sa chás nach gcomhlíonann an maoiniú breise sin ó Bhallstáit na ceanglais lena ndéantar cabhair a mheas mar chabhair *de minimis*, beidh feidhm ag Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an maoiniú breise.

7 Maidir leis an gcuspóir cúnamh airgeadais an Aontais a leithdháileadh go cothrom ó thaobh geografaíochta de, is gá é a bhaint amach laistigh de theorainneacha na dtograí iarbhír a fhaightear agus ar bhealach a bheidh ag i lán-chomhréir leis na prionsabail i dtaca le cineálacha sonracha cúnaimh airgeadais a shainítear sa Rialachán Airgeadais.

cúnaimh airgeadais a theorannú gan chall. Is féidir méid mór solúbthachta a chaomhnú sa chomhthéacs seo trí chur chun feidhme a chumasú chun tairbhe a bhaint as an raon is mó cineálacha cúnaimh airgeadais atá ar fáil don idirghabháil. Chuige sin, agus i bhfianaise na caibidlíochta atá ar siúl faoi láthair maidir leis an Rialachán Airgeadais, ba cheart téacs an Rialacháin maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a leasú i dtreo is go soiléirítear go bhfuil na bearta uile a thacaíonn le tionscadail leasa choitinn, lena n-áirítear an idirghabháil atá faoi thrácht, incháilithe do thacaíocht trí na cineálacha cúnaimh airgeadais atá ar fáil faoi láthair nó a bheidh ar fáil amach anseo faoin Rialachán Airgeadais.

Ar an lámh eile, moltar, ar na cúiseanna céanna, na cineálacha cúnaimh airgeadais atá ar fáil don idirghabháil a shonrú ar an dóigh chéanna sa Rialachán maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus sa Rialachán Treoirlínte. Is é is dócha gur deontais an cúnamh airgeadais is túisce agus is iomchuí chun an cuspóir a bhaineann le nascacht idirlín áitiúil gan sreang saor in aisce a chur chun cinn i bpobail áitiúla ach níor cheart cineálacha eile cúnaimh airgeadais a chur as an áireamh (cé is moite d'ionstraimí airgeadais). Ní chuirtear san áireamh ionstraimí airgeadais toisc go mbíonn ualach mór riaracháin ag baint leo agus go mbaineann agaí moille lena gcur chun feidhme, dhá rud a chiallaíonn nach bhfuil ailíniú leordhóthanach ann idir an sórt sin cúnaimh airgeadais agus saintréithe na ngníomhaíochtaí atá beartaithe.

Chun luas agus éifeachtacht na hoibre a áirithiú, déanfar an idirghabháil trí bhíthin nósanna imeachta riaracháin cuíchóirithe a úsáideann doiciméadacht chaighdeánaithe (dearbháin, cuir i gcás) agus uirlisí ar líne chun iarratais a phróiseáil chomh maith le faireachán agus iniúchadh a dhéanamh ina dhiaidh sin ar na lárphointí rochtana áitiúla gan sreang a shuiteálfar.

Leis an togra atá beartaithe, togra a chuirfear chun cinn trí líonra an Aontais Eorpaigh d'Oifigí Inniúlachta Leathanbhanda[8], meastar go n-ardófar feasacht i measc údarás áitiúil agus saoránach maidir le tosaíochtaí an Choimisiúin don tsochaí ghigighiotán agus, ina theannta sin, go léireofar don phobal i gcoitinne gur féidir le daoine muinín a bheith acu as cumas an Aontais nascacht idirlín agus rochtain ar sheirbhísí digiteacha a sholáthar ar fud ilchríoch na hEorpa. Déanfar deimhin de go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí a mhaoineofar faoin mbeartas atá beartaithe a aithint trí bhíthin sainaitheantas físeach atá ceaptha ag an gCoimisiún agus a chuirfear ar fáil do thairbhithe lena úsáid, lena n-áiritheofar, ar an dóigh sin, an aithint branda.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana sa réimse beartais**

Faoi láthair, leis an gcreat dlíthiúil le haghaidh teileachumarsáid sa tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, déantar foráil maidir le tacaíocht airgeadais i réimse na teileachumarsáide do bhonneagar seirbhísí digiteacha (i bhfoirm deontas agus/nó soláthair) agus do líonraí leathanbhanda (i bhfoirm ionstraimí airgeadais).

Maidir le hidirghabháil chun tacú le leathanbhanda, i ngeall ar an tábhacht ar leith a bhaineann le líonraí leathanbhanda ó thaobh fáis agus post, agus i bhfianaise na ndúshlán – idir dhúshláin airgeadais agus dúshláin theicniúla – a bhaineann le hinfheistíocht phoiblí san earnáil, déantar foráil maidir le hidirghabháil theoranta leis an Rialachán Treoirlínte. Leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, tugtar ranníocaíocht bheag chun ionstraimí airgeadais a bhunú ar leibhéal an Aontais, go háirithe i gcomhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta chun an úsáid éifeachtach a bhaintear as acmhainní poiblí eile, mar aon le hacmhainní príobháideacha, a éascú. Tá sé d'aidhm ag an idirghabháil tionscadail nuálacha leathanbhanda a imlonnú, tionscadail atá bunaithe ar theicneolaíocht úrscothach a d'fhéadfaí a mhacasamhlú agus, dá bharr sin, na cuspóirí a leagadh amach di a bhaint amach go díreach nó trí bhíthin éifeacht ó eispéiris breathnaithe.

[8] https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/broadband-competence-offices.

Comhlánaíonn an togra na gnéithe sin den togra le haghaidh Cód Eorpach maidir le Cumarsáid Leictreonach atá dírithe ar an úsáideoir deiridh. Maidir leis an tacaíocht a thabharfar chun lárphointí rochtana áitiúla gan sreang a shuiteáil in ionaid a thaithíonn an pobal, is comhlánú í ar ghníomhaíochtaí eile in earnáil na teileachumarsáide faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus ar fhoinsí eile tacaíochta airgeadais, amhail Cistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa, lena dtugtar tacaíocht do sholáthar céimneach líonraí leathanbhanda. Toisc nach gcumhdaíonn an Rialachán maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa ná an Rialachán Treoirlínte gníomhaíochtaí dá leithéidí, tá sé beartaithe iad a leasú dá réir.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 172 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena gcumhdaítear idirghabháil an Aontais a thacaíonn le bunú agus forbairt líonraí tras-Eorpacha i réimsí an bhonneagair iompair, teileachumarsáide agus fuinnimh. I gcomhréir le hAirteagal 170(1) de CFAE, tá an togra ceaptha deimhin a dhéanamh de go bhféadfaidh le pobail áitiúla lántairbhe a bhaint as an Margadh Aonair Digiteach trí limistéar a bhunú gan teorainneacha inmheánacha trí líonraí den sórt sin a imlonnú.

- **Coimhdeacht agus comhréireacht**

Tá prionsabal na comhréireachta á chomhlíonadh ag an togra seo, agus tá sé laistigh den raon feidhme gníomhaíochta a bhaineann le réimse na líonraí teileachumarsáide tras-Eorpacha, arna shainiú in Airteagal 170 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Trí aird faoi leith a thabhairt ar riachtanais na bpobal áitiúil sa chiall is leithne den Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach, is cuidiú é an togra margadh inmheánach don chumarsáid leictreonach a chur ar bun agus cuireann sé ar chumas na bpobal atá lonnaithe laistigh den mhargadh a bheith rannpháirteach ann. Ar an ábhar nach féidir leis na Ballstáit iad féin nascacht ardchaighdeáin gan sreang a chur ar fáil ar dhóigh leordhóthanach ar chríoch iomlán an Aontais, tá an togra i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Táthar ag súil go gcuirfear an idirghabháil chun cinn, *inter alia*, trí líonra an Aontais Eorpaigh d'Oifigí Inniúlachta Leathanbhanda, rud a dheimhneoidh go bhféadfar aird a thabhairt ar na riachtanais atá ag pobail áitiúla ar dhóigh éifeachtúil agus go gcoimeádfar ualaigh riaracháin chomh héadrom agus is féidir.

Na tionscadail atá ann faoi láthair agus a bhaineann le nascacht idirlín áitiúil gan sreang saor in aisce, tá siad ilroinnte, agus is údar neamhéifeachtúlachta é sin. Níl aon straitéis uileghabhálach ann go háirithe chun nascacht idirlín gan sreang saor in aisce a chur chun cinn ar fud an Aontais chun rannpháirtíocht na bpobal áitiúil sa Mhargadh Aonair Digiteach a mhéadú. Ar an ábhar go bhfuil gach lárphointe rochtana áitiúil gan sreang teoranta, ceann ar cheann, de réir limistéir fiú laistigh de phobail áitiúla, is tábhachtaí fós a áirithiú go gcuirtear chun cinn, ar bhealach comhleanúnach, an leas coiteann i dtaca le nascacht idirlín ar fud an Aontais agus an tseirbhís á himlonnú. A bhuí le himlonnú comhleanúnach ar bhonn uile-Eorpach de sheirbhísí nascachta gan sreang saor in aisce, gheofar an luach is mó is féidir ar an airgead a chaithfear ar an idirghabháil (go háirithe trí na costais riaracháin i gcás deontais bheaga a laghdú de bharr ar éifeachtaí scála, ach trí na praghsanna ar threalamh a ísliú freisin) agus a áirithiú gur mó an comhionannas rochtana agus, ar an dóigh sin, an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach san Aontas a neartú. Tá sé mar aidhm ag an mbeart atá beartaithe luach breise a chur leis an idirghabháil ar leibhéal an Aontais trína áirithiú go bhféadfar, a bhuí leis an mbonneagar a imlonnófar, rochtain a fháil tríd an mbonneagar seirbhísí digiteacha ar sheirbhísí idir-inoibritheacha tras-Eorpacha leasa choitinn,

amhail Europeana, bonneagar seirbhísí idirlín níos sábháilte agus ríomhsheirbhísí sláinte trasteorann idir-inoibritheacha.

Tá an idirghabháil teoranta do nascacht idirlín a sholáthar in ionaid a thaithíonn an pobal agus in ionaid amuigh faoin aer ar a bhfuil rochtain ag an bpobal trí bhíthin lárphointí rochtana a bhfuil clúdach teoranta acu ó nádúr, agus na tionscadail aonair a dtabharfar fúthu, beidh siad beag. Ar an tslí sin, tá an idirghabháil comhréireach leis an gcuspóir pobail áitiúla a chumasú le bheith rannpháirteach sa ghné gan sreang den Mhargadh Digiteach Aonair gan dochar do thairiscintí tráchtála. Ag an am céanna, táthar ag súil go mbeidh tionchair bhreise dhearfacha ag an mbeart ar an rannpháirtíocht i gcoitinne i dtairiscintí i dtaca le nascacht idirlín trí sheirbhísí rochtana a chuirfear ar fáil ar bhonn tráchtálach. Meastar go neartófar tuilleadh éifeachtacht na hidirghabhála toisc an éascaíocht a bhaineann le macasamhlú agus na héifeachtaí ó eispéiris breathnaithe a d'fhéadfadh a bheith ann i ngeall ar chásanna úsáide a n-éireoidh leo.

De bharr go ndéanfar togra a riar ar líne mar aon le, *inter alia*, tacaíocht ó líonra na nOifigí Inniúlachta Leathanbhanda intíre, áiritheofar go gcoimeádfar an t-ualach riaracháin i dtaca le cur chun feidhme an tionscnaimh agus i dtaca le bheith rannpháirteach ann chomh beag agus is féidir.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX-POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

Toisc go bhfuil an tionscnamh seo ina chomhlánú ar an bpacáiste nua teileachumarsáide, ar cuid de an Teachtaireacht ina leagtar amach fís an Aontais Eorpaigh maidir le nascacht idirlín do shaoránaigh agus do ghnólachtaí sa Mhargadh Aonair Digiteach agus an togra reachtach lena ndéantar an creat rialála maidir le cumarsáid leictreonach a athbhreithniú, tá sé bunaithe cuid mhór ar ionchur páirtithe leasmhara agus ar an anailís chuimsitheach a rinneadh sa mheastóireacht agus sa mheasúnú tionchair a thacaíonn leis na tograí seo agus na doiciméid inmheánacha oibre a ghabhann leis an Teachtaireacht. Seo thíos achoimre ar na pointí is mó a bhaineann leis an togra seo. Tríd is tríd, léiríonn an anailís gur féidir le gníomhaíochtaí rialála agus reachtacha bacainní a bhaint, dreasachtaí iomaíochta a fheabhsú, intuarthacht níos fearr a chur ar fáil d'infheisteoirí agus costais a laghdú ar líonraí a imlonnú ach, os a choinne sin, go bhfuil ról tábhachtach ag maoiniú poiblí má táthar chun cuspóirí nascachta idirlín an Aontais a bhaint amach san fhadtéarma.

Léirigh an tuarascáil[9] ina ndéantar achoimre ar ar tháinig as an gcomhairliúchán poiblí a rinne an Coimisiún le déanaí maidir leis an athbhreithniú ar an gcreat rialála le haghaidh teileachumarsáid leictreonach go raibh cuid mhaith údarás poiblí agus freagróirí príobháideacha ar son líonraí Wi-Fi a imlonnú in áitribh phoiblí agus, ag an am céanna, gur theastaigh uathu timpeallacht rialála iomchuí i dtaobh saincheisteanna ar nós dliteanas an tsoláthraí rochtana agus nochtadh do réimsí leictreamaighnéadacha. Chuir oibreoirí i bhfios go láidir go gcaithfeadh aon tacaíocht phoiblí a bheith neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de ach, ag an am céanna, go bhféadfaí feidhmiú céimneach na líonraí a éascú trí bhíthin cineálacha éagsúla comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí. Tá na torthaí seo i gcomhréir leis an meastóireacht *ex-post* a rinneadh ar an gcóras atá i bhfeidhm faoi láthair, meastóireacht atá ag gabháil leis an togra le haghaidh athbhreithniú ar an gcreat rialála.

9 https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/news/full-synopsis-report-public-consultation-evaluation-and-review-regulatory-framework-electronic

Leis an measúnú tionchair a rinneadh le haghaidh athbhreithniú ar an gcreat rialála, tógtar ar na tuairimí a chuir na páirtithe leasmhara in iúl agus moltar go dtabharfar isteach forálacha maidir le mionchealla a imlonnú. Tá na forálacha sin ceaptha laghdú a dhéanamh ar an gcostas atá ar líonraí idirlín an-dlúth a imlonnú agus feabhas a chur ar an rochtain ar nascacht idirlín áitiúil gan sreang chun freastal ar an éileamh as cuimse ar nascacht Idirlín uileláithreach. An togra seo, ar comhlánú é ar rogha na tosaíochta maidir leis an gcreat rialála a fhorbairt i réimse na bainistíochta speictrim, éascóidh sé nascacht idirlín áitiúil gan sreang saor in aisce a sholáthar agus, ar an dóigh sin, tacóidh sé le fís an Aontais Eorpaigh le haghaidh nascacht idirlín do shaoránaigh agus do ghnólachtaí sa Mhargadh Aonair Digiteach a bhaint amach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Na leithreasuithe a mbeidh gá leo don togra seo, tá siad le maoiniú go hiomlán laistigh den Chreat Ilbhliantúil Airgeadais 2014–2020. Déanfar EUR 70 milliún a athdháileadh laistigh de na méideanna atá beartaithe don earnáil teileachumarsáide den tSaoráid um Chónascadh na hEorpa 2017–2019 agus aistreofar EUR 50 milliún chuig an gclúdach airgeadais le haghaidh earnáil na teileachumarsáide trí Airteagal 5(1) den Rialachán maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a leasú. Ar chúiseanna comhsheasmhachta, léirítear an méadú sin sa togra le haghaidh leasú ar an gcreat dlíthiúil don Chiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha[10], mar a leagtar síos é i Rialachán (AE) Uimh. 2015/1017[11].

[10] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) 2015/1017 i ndáil le síneadh a chur le ré an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha chomh maith le feabhsuithe teicniúla ar an gCiste sin agus ar an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht a thabhairt isteach (COM(2016)597).

[11] Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, leis an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht agus leis an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 – an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, IO L 169, 1.7.2015, lch. 1.

2016/0287 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014 maidir le nascacht idirlín a chur chun cinn i bpobail áitiúla**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 172 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[12],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[13],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún ina leagtar amach fís an Aontais maidir le nascacht idirlín do shaoránaigh agus do ghnólachtaí sa Mhargadh Aonair Digiteach[14], tugtar cuntas ar roinnt bearta lena bhféadfaí nascacht san Aontas Eorpach a fheabhsú.

(2) Ar na bearta a mholtar sa Teachtaireacht chun féachaint le nascacht san Eoraip a bhaint amach, tá lárphointí rochtana áitiúla gan sreang a imlonnú trí bhíthin nósanna imeachta pleanála simplithe agus bacanna rialála laghdaithe. Féadfaidh lárphointí rochtana den sórt sin, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le soláthar seirbhísí poiblí eile agus iad sin nach de chineál tráchtála iad, féadfaidh siad a bheith ina mórchuidiú na líonraí cumarsáide gan sreang atá ann faoi láthair a fheabhsú agus na saghsanna líonraí a bheidh ann amach anseo a imlonnú trí chlúdach níos gráinní a éascú de réir mar is gá.

(3) I bhfianaise na Teachtaireachta ina leagtar amach fís an Aontais Eorpaigh maidir le nascacht idirlín don Mhargadh Aonair Digiteach agus chun an cuimsiú digiteach a chur chun cinn, ba cheart don Aontas tacú le nascacht idirlín áitiúil gan sreang saor in aisce a chur ar fáil in ionaid a thaithíonn an pobal, ionaid amuigh faoin aer ar féidir an pobal i gcoitinne dul iontu san áireamh, agus is le tacaíocht spriocdhírithe ba cheart dó

12 IO C, lch.

13 IO C, lch.

14 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Nascacht idirlín le haghaidh Margadh Aonair Digiteach Iomaíoch: I dtreo Sochaí Eorpach Ghigighiotán (COM(2016)587).

sin a dhéanamh. Níor cumhdaíodh, go dtí seo, tacaíocht den sórt sin le Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013[15] agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014[16].

(4) A bhuí le tacaíocht den chineál sin, ba cheart go dtabharfaí spreagadh d'eintitis a bhfuil misean poiblí acu, amhail údaráis phoiblí agus soláthraithe seirbhísí poiblí, nascacht idirlín áitiúil gan sreang saor in aisce a thairiscint mar sheirbhís a bhaineann leis an mhisean poiblí atá acu chun a áirithiú gur féidir le pobail áitiúla tairbhe a bhaint as leathanbhanda an-ardluais in ionaid phoiblí. D'fhéadfadh bardais agus údaráis phoiblí áitiúla eile, leabharlanna agus ospidéil a bheith ar eintitis dá leithéidí.

(5) Níor cheart nascacht áitiúil gan sreang a áireamh mar nascacht atá saor ach amháin má chuirtear ar fáil í gan íocaíocht chomhfhreagrach, is cuma cé acu íocaíocht dhíreach nó cúiteamh de shaghas eile atá ann, lena n-áirítear fógraíocht agus soláthar sonraí pearsanta, ach gan é a bheith teoranta dóibh sin.

(6) I bhfianaise chuspóir sonrach na hidirghabhála agus ó tharla í a bheith dírithe ar riachtanais áitiúla, ba cheart í a aithint mar thionscadal leasa choitinn ar leith in earnáil na teileachumarsáide de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014.

(7) D'fhonn an maoiniú iomchuí a chur ar fáil don idirghabháil, ba cheart EUR 50 000 000 a chur leis an gclúdach airgeadais do chur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa in earnáil na teileachumarsáide.

(8) De bharr gur idirghabháil de chineál neamhthráchtála í seo agus gur tionscadail aonair ar scála beag na tionscadail a mheastar a bheidh ann, ba cheart an t-ualach riaracháin a choimeád chomh híseal agus is féidir. Ar an ábhar sin, ba cheart an idirghabháil a dhéanamh leis na cineálacha cúnaimh airgeadais is iomchuí atá ar fáil faoin Rialachán Airgeadais, nó a bheidh ar fáil faoi amach anseo, deontais go háirithe. Níor cheart an idirghabháil a bheith ag brath ar ionstraimí airgeadais.

(9) Toisc nach mbeidh ach clúdach teoranta ag aon cheann ar leith de na lárphointí rochtana áitiúla gan sreang agus toisc an luach íseal a bheidh ar na tionscadail aonair a chuimsíonn an idirghabháil, ní mheastar go mbeidh na lárphointí rochtana a dtabharfar cúnamh airgeadais dóibh in iomaíocht le tairiscintí tráchtala. D'fhonn a áirithiú tuilleadh nach ndéantar saobhadh míchuí ar iomaíocht i ngeall ar chúnamh airgeadais den sórt sin, nach bplódaítear infheistíochtaí príobháideacha agus nach gcruthaítear dídhreasachtaí d'oibritheoirí príobháideacha infheistíocht a dhéanamh, ba cheart an idirghabháil a theorannú do thionscadail nach ionann iad agus tairiscintí poiblí agus príobháideacha atá ann cheana sa réimse céanna agus a bhfuil na gnéithe céanna acu. I ngeall air sin, níor cheart go gcuirfí as an áireamh tacaíocht bhreise ó fhoinsí maoinithe – bídís poiblí nó príobháideach – chun an tseirbhís a imlonnú faoin tionscnamh seo.

(10) D'fhonn a áirithiú go gcuirfear nascacht idirlín ar fáil go tapa i gcomhréir leis an Rialachán seo, ba cheart, a oiread is féidir, cúnamh airgeadais a chur chun feidhme trí

[15] Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 67/2010, IO L 348, 20.12.2013, lch. 129, arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015, IO L 169, 1.7.2015, lch. 1.

[16] Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir le treoirlínte le haghaidh gréasán tras-Eorpach i réimse an bhonneagair teileachumarsáide agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1336/97/CE, IO L 86, 21.3.2014, lch 14.

uirlisí ar líne a úsáid, uirlisí lenar féidir iarratais a dhéanamh agus a phróiseáil go tapa dá mbarr agus lárphointí áitiúla gan sreang arna suiteáil a chur chun feidhme agus faireachán agus iniúchadh a dhéanamh ar na suiteálacha sin.

(11) I ngeall ar na riachtanais atá ann i dtaca le nascacht idirlín san Aontas agus i ngeall ar an bpráinn a bhaineann le líonraí rochtana a chur chun cinn lena bhféadtar seirbhís idirlín ardchaighdeáin a chur ar fáil, ar fud an Aontais, agus atá bunaithe ar sheirbhísí leathanbhanda an-ardluais, ba cheart féachaint leis an gcúnamh airgeadais a leithdháileadh go cothrom ó thaobh geografaíochta de.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 mar a leanas:

1. Sa chéad fhomhír d'Airteagal 5(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) earnáil na teileachumarsáide:“ ”EUR 1 091 602 000;”

2. Leasaítear Airteagal 7 mar seo a leanas:

a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1.“ ”Is gníomhaíochtaí a rannchuideoidh le tionscadail leasa choitinn i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 agus le Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 agus le Rialachán maidir le treoirlínte le haghaidh gréasán tras-Eorpach i réimse an bhonneagair teileachumarsáide, agus gníomhaíochtaí tacaíochta cláir, agus iad sin amháin, a bheidh incháilithe do thacaíocht trí chúnamh airgeadais an Aontais go háirithe i bhfoirm deontais, soláthair agus ionstraimí airgeadais.”

b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. San earnáil teileachumarsáide, beidh gach gníomhaíocht lena gcuirfear chun feidhme tionscadail leasa choitinn agus gníomhaíochtaí tacaíochta clár a shainaithnítear i Rialachán maidir le treoirlínte le haghaidh gréasán tras-Eorpach i réimse an bhonneagair teileachumarsáide agus a chomhlíonfaidh na critéir incháilitheachta agus/nó na coinníollacha incháilitheachta a leagtar síos i gcomhréir leis an Rialachán sin incháilithe cabhair airgeadais ón Aontas a fháil faoin Rialachán seo mar a leanas:

(a) déanfar seirbhísí cineálacha, croí-ardáin seirbhíse agus gníomhaíochtaí tacaíochta cláir a mhaoiniú trí dheontais agus/nó soláthar;

(b) déanfar gníomhaíochtaí i réimse na ngréasán leathanbhanda a mhaoiniú trí ionstraimí airgeadais.

(c) déanfar gníomhaíochtaí chun nascacht idirlín áitiúil gan sreang saor in aisce a sholáthar i bpobail áitiúla a mhaoiniú trí dheontais nó trí chineálacha cúnaimh airgeadais nach ionstraimí airgeadais iad.”

3. In Airteagal 9, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"1a. I gcás ina bhfuil údar leo, i ngeall ar an ngá atá ann an t-ualach míchuí riaracháin a sheachaint, go háirithe má bhíonn deontais ar luach íseal de réir bhrí Airteagal 185 de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2012 i gceist, d'fhéadfaidh na Ballstáit toiliú le catagóir ar leith tograí faoi na cláir oibre de bhun Airteagal 17, gan na hiarrthóirí aonair a ainmniú."

4. In Airteagal 10(4), cuirtear isteach an tríú fomhír seo a leanas:

"Déanfar gníomhaíochtaí chun nascacht idirlín áitiúil gan sreang saor in aisce a sholáthar i bpobail áitiúla a mhaoiniú trí bhíthin cúnaimh airgeadais ón Aontas suas go 100 % de na costais incháilithe, gan dochar do phrionsabal an chómhaoinithe."

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 283/2014**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 mar a leanas:

1. In Airteagal 2(2) cuirtear isteach an pointe (h) seo a leanas:

"(h) ciallaíonn 'lárphointe rochtana áitiúil gan sreang' trealamh beag ísealchumhachta a fheidhmíonn laistigh de raon beag, agus a úsáideann, ar bhonn neamheisiach, speictream raidió a bhfuil na coinníollacha maidir lena infhaighteacht agus a úsáid éifeachtach comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais, agus lenar féidir le húsáideoirí líonra cumarsáide leictreonaí a rochtain gan sreang."

2. In Airteagal 4(1) cuirtear isteach an pointe (c) seo a leanas:

"(c) tacú le nascacht idirlín áitiúil gan sreang saor in aisce a chur ar fáil i bpobail áitiúla."

3. Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

"7. Ní bheidh méid iomlán an bhuiséid a leithdháiltear ar ionstraimí airgeadais le haghaidh líonraí leathanbhanda níos mó ná an t-íosmhéid is gá chun idirghabhálacha cost-éifeachtúla a bhunú a chinnfear ar bhonn measúnuithe *ex-ante* dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013.

Suas go 15 % den chlúdach airgeadais d'earnáil na teileachumarsáide dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 a bheidh sa mhéid sin."

b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

"5a. Tacófar le gníomhaíocht a rannchuideoidh le tionscadail leasa choitinn a bhaineann le nascacht idirlín áitiúil gan sreang saor in aisce a sholáthar i bpobail áitiúla mar seo a leanas:

(a) deontais; agus/nó

(b) cineálacha cúnaimh airgeadais nach ionstraimí airgeadais iad."

4. In Airteagal 6, cuirtear isteach an mhír 8a seo a leanas:

“8a. Maidir le gníomhaíochtaí a rannchuideoidh le tionscadail leasa choitinn a bhaineann le nascacht idirlín áitiúil gan sreang saor in aisce a sholáthar i bpobail áitiúla, ní mór dóibh na coinníollacha a leagtar amach i Roinn 4 san Iarscríbhinn a chomhlíonadh.”

5. In Airteagal 8(9) cuirtear isteach an pointe (d) seo a leanas:

“(d) an líon nasc idirlín leis na lárphointí rochtana áitiúla gan sreang a bhunaítear de thoradh gníomhaíochtaí lena gcuirtear Roinn 4 den Iarscríbhinn chun feidhme.”

6. San Iarscríbhinn, cuirfear isteach an roinn seo a leanas:

ROINN 4. NASCACHT GAN SREANG I bPOBAIL ÁITIÚLA

Maidir le gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh nascacht idirlín áitiúil gan sreang saor in aisce a sholáthar in ionaid a thaithíonn an pobal, lena n-áirítear ionaid amuigh faoin aer ar a bhfuil rochtain ag an bpobal i gcoitinne agus ar áiteanna tábhachtachta iad i saol an phobail áitiúil, beidh na gníomhaíochtaí sin incháilithe do chúnamh airgeadais.

Beidh cúnamh airgeadais ar fáil d’eintitis a bhfuil misean poiblí acu, amhail údaráis áitiúla agus soláthraithe seirbhísí poiblí, agus a thugann gealltanas faoi nascacht idirlín áitiúil gan sreang saor in aisce a sholáthar trí lárphointí rochtana áitiúla gan sreang a shuiteáil.

Tionscadail a bhfuil sé mar aidhm acu nascacht idirlín gan sreang a chur ar fáil trí bhíthin lárphointí rochtana áitiúla gan sreang saor in aisce, féadfar iad a mhaoiniú ar an gcoinníoll:

1) gur eintiteas, a bhfuil misean poiblí aige agus a bhfuil sé ar a chumas suiteáil lárphointí rochtana áitiúla gan sreang in áiteanna poiblí laistigh agus lasmuigh a phleanáil agus maoirseacht a dhéanamh ar an tsuiteáil, gur eintiteas den saghas sin a chuireann an obair chun feidhme;

2) go n-úsáidtear nascacht leathanbhanda an-ardluais lenar féidir seirbhís ardchaighdeáin idirlín d’úsáideoirí a chur ar fáil, ar seirbhís í

    a. atá saor in aisce, is furasta a rochtain, agus a n-úsáidtear trealamh úrscothach lena haghaidh, agus

    b. a éascaíonn rochtain ar sheirbhísí digiteacha nuálacha, amhail iad sin a thairgtear trí bhonneagar seirbhísí digiteacha;

3) go n-úsáidtear an sainaitheantas coiteann físeach a chuirfidh an Coimisiún ar fáil chomh maith le nasc chuig na huirlisí gaolmhara ar líne.

Tionscadail arb ionann iad agus tairiscintí poiblí agus príobháideacha atá ann cheana sa réimse céanna agus a bhfuil na gnéithe céanna acu, ní chumhdófar iad.

Is go cothrom ó thaobh geografaíochta de a leithdháilfear an buiséad atá ar fáil ar thionscadail a chomhlíonann na coinníollacha a shonraítear thuas i bhfianaise na moltaí a fhaightear agus, i bprionsabal, ar bhonn “tús freastail ar an gceann is túisce” a leithdháilfear iad.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**IARSCRÍBHINN**

**Ráiteas Airgeadais Reachtach**

**Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE)
Uimh. 283/2014 maidir le nascacht idirlín a chur chun cinn i bpobail áitiúla**


**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

